I gcás na ndaoine a d'fhreagair an suirbhé agus a chónaigh roimhe sin ar na hoileán (u=81), ba iad na príomhfháthanna gur fhág siad na hoileán ná mar gheall ar dheiseanna fostáiochta (73%), fáthanna oideachais (56%) agus gan ach méid teoranta tithe a bheith ar fáil. Formhór na bhfreagróirí (61%) a chónaigh roimhe sin ar na hoileán rugadh iad ar na hoileán, agus i gcás 40% acu cónaíonn baill teaghlaigh dá gcuid ar na hoileán faoi láthair, agus d'oibrigh 31% acu ar na hoileán roimhe seo.¹⁰

D'fhreagair 78 freagróir an cheist maidir le an raibh nó nach raibh siad ag iarraidh filleadh ar ais chun cónaí ar na hoileán: Dúirt 55 (71%) go raibh, 18 (23%) 'b'fhéidir' agus 5 (6%) nach raibh. I gcás na bhfreagróirí sin a bhí ag iarraidh filleadh ar ais chun cónaí ar na hoileán, thug 93% (u=68) acu le fios gur 'teach' ab fhéarr leo a fháil mar áit chónaithe ar an oileán, agus ba 'úníneareacht iomlán' (40%) agus 'úníneareacht le morgáiste' (40%) an cineál tionachta ba mhó a roghnaíodh. Ba €150,000-€199,000 an praghasraon ba mhó a roghnaíodh do theach ar an oileán, mar a thaispeántar i Léaráid 13, agus ba chostas míosúil morgáiste de €520-€864 agus €854-€1299 na praghasraonta ba mhó a roghnaíodh.

**LÉARÁID 13: PRAGHASRAON DO CHEANNACH TÍ
(FREAGRÓIRÍ A CHÓNÁIGH ROIMHE SIN AR NA HOILEÁIN)**



Cuireadh in iúl go mbeadh áit ar cíos ó thiarna talún príobháideach ná údarás áitiúil (70% an ceann) nó ó Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta (65%) ina roghanna tarraigteacha sa gcás nach mbeadh freagróirí ábalta ceannach, agus is é an costas cíosa ba mhó a roghnaigh freagróirí a bheidís sásta íoc sa mhí ná €350 go €864. Cé nár thug ach freagróir amháin a bhí ina gcónaí ar na hoileán roimhe seo agus ar mian leis filleadh ar na hoileán chun cónaí ann le fios go bhfuil siad ar liosta tithíochta sóisialta faoi láthair, thug 18 bhfreagróir le fios go raibh gá le tithíocht inacmhainne.

Ba é an deacracht ba choitianta a bhí le feiceáil a raibh tionchar aige ar chinneadh na bhfreagróirí filleadh ar ais chuig na hoileán ná easpa tithe/áiteanna cónaithe ar díol, ina dhiaidh sin an deacracht maidir le céad pleanála a fháil, agus costas na dtithe/áiteanna cónaithe ar díol.

“Building costs are prohibitive; access to mortgage is another challenge.”
(PREVIOUSLY LIVED ON THE ISLANDS RESPONDENT)

4.4 Freagróirí a Chaithfidh Bogadh chuig na hOileán

Luagh 35 freagróir suirbhé nár chónaigh siad roimhe sin ar an oileán ach gur mhaith leo ná go gcaithfidís bogadh chuig na hoileán. Luagh a bhformhór gurbh é an fáth go mba mhaith leo ná go gcaithfidís bogadh chuig na hoileán ná mar gheall go raibh baill teaghlaigh acu ina gcónaí ar an oileán faoi láthair. Tá sé suntasach gur luagh na freagróirí teanga agus cultúr na n-oileán mar an dara cúis ba mhó go mbogfaidís chuig na hoileán. Luagh céatádán níos lú go bhfuil orthu oibriú ná gur mhaith leo dul ag obair ar na hoileán.

10 Chuir 16% de fhreagróirí na catágora seo freagra 'eile' san áireamh agus luagh 5% ceangal sinsearacha leis na hoileán.

“To immerse our young family in the Irish language and culture.”


(RESPONDENT – NEEDS TO/ WOULD LIKE TO MOVE TO THE ISLANDS)

“We would like to reconnect with our traditional Irish culture.”

(RESPONDENT – NEEDS TO/WOULD LIKE TO MOVE TO THE ISLANDS)

Roghnaigh formhór na bhfreagróirí (91%, u=30) 'teach' mar an áit chónaithe gur mhaith leo a fháil ar na hoileán. Ó thaobh tionachta de, tugadh túis áite 'd'úníneareacht iomlán' (55%), 'úníneareacht le morgáiste' (15%) agus áit ar cíos (27%). Maidir leis na freagróirí sin ar mhaith leo a dteach ar an oileán a bheith ina n-úníneareacht, roghnaigh a bhformhór an praghasraon €100,000-€149,000 (41%), agus ansin €150,000-€199,999 (27%) mar a thaispeántar i Léaráid 14, agus ba chostas míosúil morgáiste de €520-€864 agus €854-€1299 na praghasraonta ba mhó a roghnaíodh.

**LÉARÁID 14: PRAGHASRAON DO CHEANNACH ÁIT CHÓNAITHE
(FREAGRÓIRÍ A CHAITHFIDH BOGADH CHUIG NA HOILEÁIN)**



Is rogha tharraingteach freisin é áit a fháil ar cíos ó thiarna talún príobháideach ná sóisialta sa gcás nach mbeadh freagróirí ábalta ceannach agus ba é an costas cíosa ba mhó a bheadh freagróirí sásta a íoc sa mhí ná €350 go €1,299. Níor luaigh aon fhreagróir acu sin ar mhaith leo ná a chaithfidh bogadh chuig na hoileán go raibh siad ar liosta do thithíocht sóisialta faoi láthair. Léirigh 9 freagróir áfach, go raibh gá le tithíocht inacmhainne.

I measc na ndeacrachtaí tithíochta ba choitianta a chuirfeadh bac ar fhreagróirí bogadh chuig na hoileán áiritear easpa tithe/áiteanna cónaithe ar díol, costas tithe/áiteanna cónaithe ar díol, agus easpa líostín le tógáil ar cíos.





CAIBIDIL 5: DEARCADH MAIDIR LE HÁITEANNA CÓNAITHE TRÉIGTHE, PLEANÁIL, AGUS TOGRAÍ TITHÍOCHTA

Príomhphointí:

1. Cheap freagróirí an tsuirbhé go mba fhadhb/fhadhb mhór iad tithe tréigthe
2. Ó thaobh imní faoin easpa tithíochta atá ar fáil do ghlúnta níos óige, breathnaítear ar áiteanna cónaithe tréigthe mar rogha nach mbaintear dóthain úsáide as chun dul i ngleic le ganntanas tithíochta ar na hoileáin
3. Ba mhaith le freagróirí go bhforbrófaí agus go leathnófaí scéimeanna le cinntíú go n-athchóireofar tithe tréigthe le go mbeidh siad ar fáil d'áitritheoirí buana a chónaíonn ar na hoileáin
4. Tharraing freagróirí aird chomh maith ar an bhfrustrachas a bhaineann leis an bpróiseas cead pleanála, agus leag béim faoi leith ar chumarsáid, ar aiseolas teoranta agus an t-achar fada ama a thógann an próiseas
5. Tacaíonn freagróirí le réimse roghanna tithíochta, lena n-áirítéar scéimeanna faoi úinéireacht pobail/faoi stiúir an oileáin, agus tithíocht shóisialta.

5.1 Áiteanna Cónaithe Tréigthe

Cuireadh ceist ar úinéirí tí, cíosaithe, úinéirí dara teach, agus freagróirí a chónaigh roimhe sin ar na hoileáin agus ar mhaith leo filleadh arís chun cónaí ar na hoileáin céard a cheap siad faoi áiteanna cónaithe tréigthe ar na hoileáin.¹¹ Luagh a bhformhór as na catagóirí seo go mba fhadhb beag/fhadhb mhór (64%, u=396) iad na tithe tréigthe.

Tugadh cuireadh do na freagróirí sin a cheap go mba fhadhb na háiteanna cónaithe tréigthe a gcuid tuairimí a nochtadh faoin gceist agus faoin gcaoi go bhféadfáil dul i ngleic leis. Cé gur chuir siad meascán tuairimí chun cinn, bhí claoadh ann i measc na bhfreagróirí go mbainfí tairbhe as an stoc tithe tréigthe ar na hoileáin agus go n-athchóireofaí iad mar acmhainn/réiteach ó thaobh tithíochta a chur ar fáil. B'fhearr le freagróirí ar an iomlán go n-úsáidí áiteanna cónaithe athchóirithe den saghas seo mar thithíocht do dhaoine óga agus d'áitritheoirí lánimseartha.

¹¹ Níor cuireadh ceist faoi tithe tréigthe ar fheagróirí a léirigh go gcaithfidís/go mba mhian leo bogadh chuig na hoileáin.

“Breathnaíonn roinnt tithe tréigthe [...] go maith ó thaobh a struchtúr de agus d'fhéadfaí iad a athchóiriú go héasca, ach má chuirtear maoiniú ar fáil ba chóir go mbeadh sé leagtha síos gur le haghaidh cónaí buan é agus nach mbeadh cead é a úsáid do ligean ar cíos gearrthéarmach”

(ÚINÉIRÍ TÍ A D'FHREAGAIR)

“Derelict houses should be refurbished and be made available for rent/affordable houses.”

(REENTER RESPONDENT)

“Tá fadhb le tideal ar an talamh mar nach raibh tiomna déanta”

(SECOND HOMEOWNER RESPONDENT)

“There should be [Compulsory Purchase Order] of derelict houses”

(SECOND HOMEOWNER RESPONDENT)

“They could be bought if possible and renovated for new families to move to the island.”

(HOMEOWNER RESPONDENT)

“Derelict houses are sold to the highest bidding tourist. Young islanders have no realistic chance of owning property.”


PREVIOUSLY LIVED ON THE ISLANDS RESPONDENT

D'aithin freagróirí deacrachaí ó thaobh a bheith ábalta teacht ar theideal dlíthiúil agus úinéireacht áiteanna cónaithe dá leithéid agus tearcúsáid na n-úinéirí as na tithe tréigthe. Thagar freagróirí don ghá atá le scéim ceannach éigeantach d'áiteanna cónaithe mar seo agus i measc na moltaí áiríodh ceannach éigeantach tar éis iad a bheith tréigthe ar feadh tréimhse airithe ama. Moltaí a tháinig chun cinn arís is arís freisin ná go ngearraí cain ar áiteanna cónaithe tréigthe agus go gcuirí deontais ar fáil dá n-athchóiriú.

5.2 Taithí na bhFreagróirí maidir le pleanáil

Dúirt 30% de chónaitheoirí lánimseartha (n=108, n=89 úinéirí tí, n=19 cíosóirí) go raibh deacrachaí acu leis an bpróiseas cead pleanála lena n-áirítéar diúltú do thóbail nua, athchóiriú nó síneadh. Thug 101 freagróirí lánimseartha sonraí faoi na fáthanna go ndiúltaítear cead pleanála. Na fáthanna ba mhó a roghnaíodh bhain siad leis an suíomh a bheith i limistéar oidhreachta náisiúnta, agus ag teacht ina dhiaidh sin teip sa mheasúnú ar oiriúnacht an tsuímh mar a léirítéar i Léaráid 15.

LÉARÁID 15: FÁTHANNA GO NDIÚLTAÍTEAR CEAD PLEANÁLA (ÁITRITHEOIRÍ LÁAIMSEARTHA)



Sna tuairimí téacs oscailte, nótáil áitritheoirí lánimseartha (úinéirí tí agus cíosaithe) deacrachtaí maidir le fad an phróisis, deacrachtaí ó thaobh aiseolas a fháil nó comhairlúchán agus soiléireacht ón údarás áitiúil, mar aon le costas an phróisis. Dúirt 44% de na háitritheoirí lánimseartha a luagh go raibh deacrachtaí acu leis an bpróiseas cead pleanála go bhféadfadh sé a dtionacht ar an oileán a chur faoi bhagairt ($u=34$ úinéir tí, $u=14$ cíosaí).



"Make it easier for families with children to get planning permission."

(HOMEOWNER RESPONDENT)

"If my children are not allowed to build on family land when/if they plan on moving back to the island I would probably move to where they are located"

(HOMEOWNER RESPONDENT)

"moving home is a huge decision and people already have lots of doubts and concerns. They should be encouraging and incentivising people to move home."

(PREVIOUSLY LIVED ON THE ISLAND RESPONDENT)

"It is frustrating, I am [young] and have the means to build a home here, but there are so many barriers put up that it's almost off-putting, the islands are begging out for young people to move back home, I'm one that is able to but it's not being made easy for me and I've not received any type of support."

(HOMEOWNER CATEGORY RESPONDENT)

"An islands specific policy is needed as opposed to being under the same planning rules as the mainland."

(RENTER RESPONDENT)


Luagh 28% de na freagróirí eile ($u=66$) go raibh deacracht freisin acu leis an bpróiseas cead pleanála a bhain leis na hoileáin, agus luagh 56% acu sin go bhféadfadh seo a dtionacht ar an oileán a chur faoi bhagairt ($u=19$ úinéir dara teach, 16 freagrór ar mhaith leo filleadh chun cónaí ar na hoileáin, agus 2 ar mhaith leo/a chaithfidh bogadh chuig na hoileáin).



5.3 Moltaí agus Tacaíocht do Thograí Tithíochta

Maidir leis an gcineál forbairt tithíochta ar mhaith le freagróirí a fheiceáil ar na hoileáin, mar a léirítear i Léaráid 16, ba é an rogha ba mhó a roghnaigh freagróirí uilig an tsuirbhé (79%, $u=419$) ná foirgnimh atá ann faoi láthair/foirgnimh thréigthe a athchóiriú. Ina dhiadh sin bhí foirgnimh féintogtha agus saintógrha (51%), agus tithíochta shóisialta agus inacmhainne ar (48%).


LÉARÁID 16: AN CINEÁL FORBAIRT TITHÍOCHTA AB FHEARR LE DAOINE, FREAGRÓIRÍ UILIG AN TSUIRBHÉ



Na freagróirí ar mhaith leo bogadh chuig na hoileáin (94%) bhí an-tóir acusan ar fhoirgnimh atá ann cheana/foirgnimh thréigthe a athchóiriú. Tá sé suntasach freisin gur roghnaigh 66% de chíosaithe tithíochta shóisialta agus inacmhainne.

Maidir le tográí tithíochta, mar a thaispeántar i Léaráid 17, bhí freagróirí as na catagóirí uilig ag tacú go mór le deontais do thithe tréigthe agus do thithe faoi bhun an chaighdeáin (78%, $u=396$). Sna freagraí téacs oscailte laistigh den tsuirbhé, thagair freagróirí go minic freisin don tábhacht a bheadh le deontais chun foirgnimh thréigthe a athchóiriú. Tharraing siad aird freisin áfach ar an gcostas breise a bhaineann le tógáil ar na hoileáin agus na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le hiompar an ábhair agus le lucht ceirde a fháil chun dul ag obair ar na hoileáin.

LÉARÁID 17: TACAÍOCHT DO ROGHANNA TITHÍOCHTA, FREAGRÓIRÍ UILIG AN TSUIRBHÉ



I gcatagóir na gcíosaithe ach go háirithe, tá sé suntasach gur tacáiodh go mór le scéimeanna tithíochta faoi úinéireacht pobail/faoi stiúir an oiléain (78%) agus tithíocht shóisialta (71%). Thacaigh cíosaithe go mór freisin (73%) le tithe a bheadh ar díol a choinneáil (m.sh. do chónaitheoirí buan) agus cáin a ghearradh ar an dara teach (55%) agus ar thithe tréigthe (55%).

Maidir leis na freagróirí sin a chaithfidh bogadh chun cónaí sna hoileáin bhí siad ag tacú go mór freisin le maoiniú d'athlónnú tuaithe (81%), scéimeanna faoi úinéireacht pobail/faoi stiúir an oiléain (71%), agus tithíocht thairsí (65%).

“Tá tithe inacmhainne ag teastáil go géar agus caithfear dul i ngleic le tithe saoire nó ní bheidh aon áitritheoirí anseo ach turasóiri agus tithe dorcha san nGeimhridh.”

(RENTER RESPONDENT)

“Local housing cooperatives for full time residents, including renters. Families who want to live here full time are being driven away.”

(HOMEOWNER RESPONDENT)

“There has to be some incentive put in place to enable younger residents to be able to acquire/build on the island and also for those already renting accommodation.”

(HOMEOWNER RESPONDENT)

“Housing association, managed in the island for long term rental which can never be bought or sold.”

(RENTER RESPONDENT)

“The island will not survive unless good standard housing is made possible for young families/young people.”

(SECOND HOMEOWNER RESPONDENT)

“Currently there are some Council built homes, certainly need another type of housing model for younger qualified adults, who now with a blended working schedule could live and sustain island life going forward”

(PREVIOUSLY LIVED ON THE ISLAND RESPONDENT)



CAIBIDIL 6: CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

“Tá gníomhaíocht phráinneach riachtanach ní bheidh na hoileáin ann”

FREAGRÓIR A CHÓNAIGH AR AN OILEÁN ROIMHE SIN

Tá sé soiléir ón suirbhé seo go bhfuil tithíocht riachtanach ar mhaite le cothabháil agus méadú na bpobal ar na hoileáin amach ó chósta na hÉireann. Cé go dtagraítear don staid tithíochta ar oiléain na hÉireann i gcomhthéacs ghéarchéim tithíochta níos leithne na hÉireann, léiríonn na riachtanais, roghanna, agus taithí a leagtar amach sa tuairisc seo mura dteitear i ngleic le riachtanais tithíochta na n-oileán amach ón gcósta go mbeidh bagairt eiseach ann ó thaobh leanúnachas pobail inbhuanaithe ar na hoileáin. Tugann na sonraí bunús soiléir maidir leis na gníomhaíochtaí agus moltaí a theastaíonn chun déileáil leis na riachtanais tithíochta ar na hoileáin amach ó chósta na hÉireann.

6.1. Riachtanais Tithíochta agus Ceisteanna a d'Ardaigh Freagróirí an tSuirbhé

Easpa sa Tithíocht atá ar Fáil agus Tithíocht Inacmhainne

Tá infhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta ar na ceisteanna is suntasaí a d'aithin freagróirí ar mhaith leo fanacht, nó filleadh, ar na hoileáin. Maidir leis na háitritheoirí lánimseartha ar mhaith leo fanacht ar na hoileáin ba iad na príomhchonstaicí ó thaobh fanacht ar chuireadar béim orthu ná easpa sa tithíocht inacmhainne a bhí ar fáil, agus easpa lóistín fadtéarmach ar cíos.

Is teach faoi úinéireacht iomlán ní le morgáiste an rogha tithíochta ab fhéarr leis na háitritheoirí lánimseartha sin ar mhaith leo fanacht ar na hoileáin agus na freagróirí sin ar mhaith leo bogadh chun cónaí sna hoileáin. Luagh formhór na bhfreagróirí seo áfach gur €200,000 níos lú a bheadh in acmhainn acu a íoc, rud a bheadh ina dhúshláin suntasach i bhfianaise praghnsanna an mhargaidh. Dhírigí go leor acu freisin aird ar an gcostas agus ar na deacrachtaí a bhaineann le tógáil ní athchóiriú ar na hoileáin agus ar an imní maidir leis an bpróiseas pleinála. I gcás áitritheoirí lánimseartha tá sé riachtanach go rachfaí i ngleic le hinacmhainneacht ar na hoileáin mar sa gcás nach mbítear ábalta teach a cheannach ní a thógáil is bac mór a bheadh ann ó thaobh freastal ar riachtanais tithíochta na n-oileánach, rud a mbeadh tionchar aige ar inbhuanaitheacht phobal na n-oileán.

Neamhchinnteacht do Chíosaithe agus an Easpa sa Rogha Áiteanna Inbhuanaithe Fadtéarmacha ar Cíos

Bheadh tionchar freisin ag an gcineál áirithe neamhchinnteacht tithíochta a bhíonn ag na cíosaithe ar na hoileáin amach ó chósta na hÉireann ar inbhuanaitheacht phobal na n-oileán. Léiríonn cíosaithe imní faoi sheasmhacht tionachta, go mbeadh orthu a n-áit chónaithe a fhágáil dá mbeadh sé curtha suas le díol/dá dtiocfadh éileamh ón tiarna talún bogadh amach, ní go gcaithfi imeacht as an teach le linn an tséasúir saoire.

De bharr easpa lóistín fadtéarmach ar cíos, mar aon le ganntanas roghanna buana eile tithíocht inacmhainne, fágann sé cíosaithe sáinnithe ó thaobh seasmhacht tithíochta. Bheadh tionchar aige seo freisin ar fhreagróirí eile a dúirt mura mbeidís ábalta áit a cheannach go dtóigfaidís áit ar cíos le fonn fanacht ar na hoileán nó bogadh ansin. Níl roghanna ann áfach ó thaobh áiteanna a fháil ar cíos go fadtéarmach agus tá sé riachtanach go ndéileálfáí leis an neamhchinnteacht seo maidir le háiteanna ar cíos ar mhaithle saol na n-oileán a choinneáil ag imeacht.

Éileamh Folaigh Tithíochta agus Éifeacht Tithíochta ar Áitritheoirí Féideartha

In éineacht le riachtanais tithíochta na n-áitritheoirí lánaimseartha a bhí ag iarraidh fanacht ar na hoileán ach a raibh na constaicí tithíochta luaithe thusa ag cur as dóibh léirigh freagróirí an-suim bogadh chuig na hoileán go lánaimseartha, ag áireamh oiléánaigh ar mhaith leo filleadh, dream a bhí ag iarraidh bogadh chuig na hoileán den chéad uair agus úinéirí dara teach. Tá sé suntasach go mba rudaí tábhachtacha iad teanga agus cultúr na n-oileán do na freagróirí ar mhaith leo bogadh chuig na hoileán.

Léirigh iar-áitritheoirí de chuid na n-oileán go bhféadfadh sé nach mbeidís ábalta filleadh ar ais chun cónaí sna hoileán mar gheall ar easpa áiteanna cónaithe ar díol agus gan a bheith ábalta cead pleannála a fháil.

Scéimeanna/Tograí a Chumasaíonn Pobail Inbhuanaithe

Tá tacaíocht láidir ann ó thaobh scéimeanna agus réimse roghanna tithíochta a forbairt chun cur ar chumas glúnta níos óige agus áitritheoirí lánaimseartha fanacht ar na hoileán, ag áireamh scéimeanna tithíochta faoi úinéireacht pobail/faoi stiúir an oiléán, tithíocht shóisialta, agus tithe a bhíonn ar díol a choinneáil. Dhíriugh freagróirí aird chomh maith ar chead pleannála a bheith níos fusa le déanamh agus le fáil. Tacaíodh go mór freisin le tograí a mhealladh daoine le cónaí go fadtéarmach ar na hoileán, ag áireamh trí chiste athlonnú tuaithe, cúnamh deontais do thithe nua, agus tithíocht thairsí.

Cuirtear béim ar na pointí seo i bhfreagraí téacs oscailte maidir le hinbhuanaitheacht na bpobal agus luagh roinnt freagróirí nach mbeadh an dream níos sine in ann fanacht ag cónaí ar na hoileán má fhágann an dream níos óige.

Sa suirbhé léiríodh tacaíocht an-láidir do chúnamh deontais chun áiteanna cónaithe tréigthe a athchóiriú agus do thograí a chuideodh chun dul i ngleic le teideal/úinéireacht dhílíthíúil áiteanna cónaithe mar seo. Sa suirbhé díritear aird ar cheannach éigeantach, athchóiriú, agus cáin ar áiteanna cónaithe nach bhfuil in úsáid (i roghanna sainiúla a roghnáodh agus i bhfreagraí téacs oscailte). Breathnaítear ar áiteanna cónaithe tréigthe mar acmhainn thábhachtach a d'fhéadfaí a úsáid chun tithíocht a sholáthar do dhaoine atá ag iarraidh cónaí go fadtéarmach ar na hoileán.

6.2 Moltaí

Na sonraí agus ceisteanna a haithníodh sa suirbhé seo léiríonn siad go soiléir nach mór do phobail na n-oileán páirt a bheith acu sa gcomhairle agus eolas do phleananna gníomhaíochta a bhaineann le tithíocht agus nuair is cuí é tithíocht a chur ar fáil i gcomhar le páirtithe leasmhara eile. Féachann na moltaí seo a leanas mar sin le haitheantas a thabhairt do ghuthanna na bhfreagróirí suirbhé, a bheith páirteach sa bPolasaí Náisiúnta 2023-2033 (RnahÉ, 2023a, 2023b), agus réitigh pobalthreoraithe a thiomáint chun freastal ar riachtanais tithíochta na n-oileán:¹²

1. Tascfhórsa agus Plean Gníomhaíochta Tithíochta Sonrach na nOileán

I bhfianaise na práinne atá le tabhairt faoi tithíocht ar na hoileán, moltar go lorgódh Comhar na nOileán/Comhdháil Oileán na hÉireann go mbunófaí tascfhórsa tithíochta do na hoileán ar a mbeidh ionadaithe ó Chomhdháil Oileán na hÉireann, Comhar na nOileán, comhpháirtithe polasaíthe ábhartha, údarás áitiúla, agus grúpaí pobail. Moltar don tascfhórsa seo plean gníomhaíochta tithíochta a forbairt d'oileán amach ón gcósta. Bheadh sé seo ailínithe le tionscnaimh tithíochta ábhartha in 'Ár nOileán Bheo' (Gol, 2023a, Gol, 2023b) nuair is cuí, ach chuirfeadh sé leo sin trí riachtanais tithíochta a bhaineann go sonrach le hoileán a shaincheisteanna a aithníodh sa suirbhé seo agus trí rannpháirtíochta leanúnach le pobail na n-oileán. (Moladh 5). Mar chuid den phlean gníomhaíochta seo, moltar don tascfhórsa sraith spriocanna a leagan amach a bhaineann le tithíocht a bhaineann go sonrach le hoileán agus le réigiún oileánda.

2. Cumann Tithíochta/Comhlacht Ceadaithe Tithíochta Pobalthreoraithe

Léiríonn sonraí an tsuirbhé seo go bhfuil tacaíocht agus gá práinneach le forbairt tithíochta pobalthreoraithe agus pobalbhainistíthe ar na hoileán, a dhíreodh ar thithíocht inacmhainne, thairsí agus scáth-thithíocht d'áitritheoirí lánaimseartha, nua agus riachtanacha (le riachtanais incháilitheachta agus inacmhainne ríofa dá réir). Moltar mar sin go mbreathnódh Comhar na nOileán/Comhdháil Oileán na

¹² Fáiltíodh roimh deis luachmhar na dréacht-thortháí agus moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtas um Chosaint Shóisialach, Pobail agus Tuaithe agus na hOileán Dé hAoine 22 Meán Fómhair 2023. Tá nasc chugui taifeadadh agus tras-scribhinn na diospóireachta ar fáil ag: https://www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_social_protection_community_and_rural_development_and_the_islands/2023-09-22/.

hÉireann ar Chumann tithíochta/Comhlacht Ceadaithe Tithíochta pobalthreoraithe do na hoileán amach ón gcósta a bhunú. Áiríonn 'Ár nOileán Bheo' (RnahÉ, 2023a) agus an pleann gníomhaíochta a bhaineann leis (beartas polasaí 1.1, RnahÉ, 2023b: 5) tagairt do ról féideartha Comhlacht Ceadaithe Tithíochta dírithe ar na hoileán. Bheadh comhairliúchán, comhairle agus tacaíocht ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta eile, ó Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Sóisialta, An Ghníomhaireacht Tithíochta agus Údarás Áitiúla riachtanach chun inbhuanaitheacht, múnla agus struchtúr cumann dá leithéid a bhunú. D'fhéadfadh an Comhlacht Ceadaithe Tithíochta seo a bheith ina phointe teagmhála agus ina chlár de riachtanais tithíochta ar leith áitritheoirí na n-oileán agus d'áitritheoirí féideartha. Chuideodh sé seo ó thaobh riachtanais leanúnacha tithíochta na n-áitritheoirí lánaimseartha a thomhas mar aon leis an éileamh folaigh agus an cineál tithíochta a theastaíonn le freastal ar an éileamh, mar go ndíritear aird sa bpolasaí le déanaí ar an tábhacht atá le tuiscint a fháil 'ar chandam agus meascán na tithíochta a theastaíonn chun freastal ar spriocanna comhfheagracha dhaonra na n-oileán' (RnahÉ, 2023a: 27).

3. Ról Comhairleach/Ionchuir i bhFoirmiú Beartaí Náisiúnta ar Threoirínte Pleanála agus Ról Idirchaidrimh maidir le Pleanáí

Léiríonn an suirbhé seo go bhfuil gá soiléir le heispéireas agus glórtha pobail a bheith le cloisteáil maidir leis an bpróiseas cead pleannála agus na torthaí. Áiritear sa phlean gníomhaíochta 'Ár nOileán Bheo' gealltanais go n-aithníonn na treoirínte pleanála atá le teacht 'na dúshláin agus na tréithe uathúla atá ag oiléán amach ón gcósta' (beartas beartaí 1.7, Gol, 2023b: 4). Moltar go bhféachfad Comhar na nOileán/Comhdháil Oileán na hÉireann le hionchur a sholáthar sna nuashonruithe treoiríne pleanála chun cuidiú le cur chuige a bhaineann go sonrach le hoileán a forbairt a thabharfaidh aghaidh ar imní maidir le hinbhuanaitheacht daonra agus comhshaoil ar na hoileán.¹³

Léiríonn an suirbhé freisin an gá atá le níos mó deiseanna do phobail na n-oileán agus dóibh siúd atá ag lorg pleanála ar na hoileán chun léargas níos fearr a fháil ar phróisis agus ar chinntí pleanála. Moltar go bhféachfad Comhar na nOileán/Comhdháil Oileán na hÉireann le dul i dteaghmháil le húdarás áitiúla chun eolas a fháil ar lón na ndaoine a bheidh ag plé leis an bpróiseas pleanála maidir leis na hoileán agus na torthaí. Mar thoradh air seo, d'fhéadfaí ról idirchaidrimh a bhunú do Chomhar na nOileán chun dul i dteaghmháil leis na húdarás áitiúla ar bhonn rialta (ar níos ráithíúil nó débhliantúil) ar phróisis agus ar thortháí pleanála na n-oileán. D'fhéadfadh nádúr an ról idirchaidrimh seo a shonrú freisin ag an Tascfhórsa Tithíochta ar Son na nOileán (Moladh 1)

4. Ról Comhairleach/Ionchuir d'Fheidhmiú Polasaí Náisiúnta maidir le Tithe Folma

Moltar freisin go n-oibreodh Comhar na nOileán/Comhdháil Oileán na hÉireann le hOifigigh Tí Folamh in Údarás Áitiúla chun a chinntí go réadófar stoc tithíochta nach bhfuil in úsáid, lena n-áirítear réadmhaoine atá folamh agus tréigthe (beartas polasaí 1.8, Gol, 2023b: 4) trí thacú leis an sainaithint, ag cur béime ar infhaighteacht scéimeanna maoinithe do chónaitheoirí agus ar thacaíocht deontais a sholáthar, lena n-áirítear tacaíocht mhéadaithe faoin gCroí Cónaithe (beartas beartaí 1.9, Gol, 2023b: 4). D'fhéadfadh an Comhlacht Ceadaithe Tithíochta Comhlacht atá dírithe ar na hoileán (Moladh 2) príomhról a ghlacadh freisin maidir le tacú le pobail agus le húdarás áitiúla le clár athgníomhaithe den sórt sin. Moltar freisin go gcuirfi ar chumas grúpaí agus eagraíochtaí pobail cur isteach ar thacaíocht faoin scéim Croí Cónaithe.

5. Taighde Leanúnach agus Rannpháirtíochta Pobail

Braitheann Rathúlacht pleann gníomhaíochta (ag leibhéal rialtais agus pobail) ar rannpháirtíochas freagrúil agus leanúnach le pobail na n-oileán. Moltar go dtabharfaí faoi monatóireacht, taighde agus comhairliúchán leanúnach le cinntí go mbíonn pleananna gníomhaíochta agus spriocanna ag freastal ar riachtanais na n-oileán. Mar chuid de seo d'fhéadfaí anailís mionsonrach a dhéanamh ar shonraí Dhaonáireamh 2022, suirbhé a dhéanamh ar stoc tithíochta na n-oileán (ag áireamh tithe folma agus tréigthe), dul siar go tréimhsíúil ar shonraí an tsuirbhé seo agus fóram pobail agus rannpháirtíochta a reachtáil go rialta.


6.3 Críoch

Tríona sonraí atá á gcur i láthair sa suirbhé seo agus i bPolasaí Náisiúnta agus Plean Gníomhaíochta na nOileán 'Ár nOileán Bheo' 2023 is deis iontach é chun dul i ngleic le riachtanais tithíochta phobal na n-oileán. Tá sé le feiceáil freisin ón eolas a thug freagróirí sa suirbhé seo gurb é mian cinnte na n-áitritheoirí fadtéarmacha ná fanacht ar na hoileán, go mba mhaith leo siúd a bhí ag cónaí roimhe sin ar na hoileán filleadh ar ais, agus go mba mhaith le roinnt daoine bogadh chuig na hoileán den chéad uair. Sna cásanna seo uilig, tá rochtain ar thithíocht inacmhainne agus fheiliúnach riachtanach.

¹³ Maidir le cineálacha cur chuige a bhaineann go sonrach le hoileán i leith beartaí, rinneadh tagairt i dtuarscail ón nGrúpa Saineolaite ar an gGreat Pleanáí Náisiúnta (Lúnasa 2023) don fhéideartha 'pleannána limistéir tosaíochta' agus 'pleannána gníomhaíochta compháirteach' a leathnú chun limistéir neamhuirbeacha a chuiimsíú, faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar iargúltacht agus iméallachas, lena n-áirítear oileán amach ón gcósta.

LEABHARLOSTA

- Bobek, A., Pembroke, S. and Wickham, J. 2021. 'Living in precarious housing: non-standard employment and housing careers of young professionals in Ireland,' *Housing Studies*, 36(9), 1364-1387, <https://doi.org/10.1080/02673037.2020.1769037>
- An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2023. *Daonáireamh 2022 Próifil 2 - Tithíocht in Éirinn*. An Phríomh-Oifig Staidrimh: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp2/censusofpopulation2022profile2-housinginireland/homeownershipandrent/>
- Disch, W. and Slaymaker, R. 2023. *Housing Affordability: Ireland in a Cross-Country Context*. ESRI Research Series Tuairisc Uimh. 164. Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: <https://www.esri.ie/publications/housing-affordability-ireland-in-a-cross-country-context>
- Rialtas na hÉireann, 2021. *Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta Nua d'Éirinn*. [Ar líne] Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/ef5ec-housing-for-all-a-new-housing-plan-for-ireland/>
- Rialtas na hÉireann, 2023a. Ár nOileáin Bheo - Polasaí Náisiúnta na nOileán 2023-2033. [Ar líne] Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/policy-information/a7188-our-living-islands/>
- Rialtas na hÉireann, 2023b. Ár nOileáin Bheo - *Plean Gníomhaíochta 2023-2026*. [Ar líne] Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/policy-information/a7188-our-living-islands/>
- Hearne, R. 2017. *A Home or a Wealth Generator? Inequality, Financialisation and the Irish Housing Crisis*. Baile Átha Cliath: TASC. Ar fáil ag: TASC. Available at: https://www.tasc.ie/assets/files/pdf/a_home_or_a_wealth_generator_inequality_financialisation_and_the_irish_housing_crisis.pdf
- Lee, Y., Kemp, P.A. and Reina, V. J. 2022. 'Drivers of housing (un)affordability in the advanced economies: a review and new evidence,' *Housing Studies*, 37(10), 1739-1752, <https://doi.org/10.1080/02673037.2022.2123623>
- Norris, M. 2016. 'Varieties of Home Ownership: Ireland's Transition from a Socialised to a Marketised Policy Regime,' *Housing Studies*, 31(1), 81-101, <https://doi.org/10.1080/02673037.2015.1061107>
- O'Sullivan, S., & Desmond, E. 2022. *Housing and Sustaining Communities on the West Cork Islands*. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Ar fáil ag: <https://www.ucc.ie/en/media/research/iss21/HousingSustainingCommunitiesintheWestCorkIslands.pdf>
- Report of Expert Group for the First Revision of the National Planning Framework, 15 August 2023, Available at: <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/269769/2849f227-34e6-46da-82ff-6775c8fcb646.pdf#page=null>.
- Slaymaker, R., Roantree, B., Nolan A., and O'Toole C. 2022. *Future Trends in Housing Tenure and the Adequacy of Retirement Income*. ESRI Research Series Tuairisc Uimh. 143. Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.26504/rs143>
- Waldron, R. 2021. 'Generation Rent and housing precarity in 'post crisis' Ireland,' *Housing Studies*, <https://doi.org/10.1080/02673037.2021.1879998>




AGUISÍN MAIDIR LEIS NA CEANTAIR OILEÁN (BILEOGA EOLAS)

Bileog Eolais: Dún na nGall

Ba as ceantar oileán Dhún na nGall a tháinig 14% de fhreagraí an tsuirbhé, 84 freagróir san iomlán. Áirithe i gcatagóirí an tsuirbhé bhí daoine a chónaíonn faoi láthair ar na hoileáin agus daoine go mba mhaith leo filleadh/bogadh chuig na hoileáin. I liosta na n-oileán áiríodh Árainn Mhór, Inis Bó Finne, Inis Fraoigh, Oileán an Bharraige, Inis Oirthir, Inis Mhic an Doirn, Inis Caorach, Toraigh, Gabhla agus, nuair a bhí ábhartha, bhí freagróirí in ann 'B'fhearr liom gan a rá' a roghnú nó ainm oileán eile a lua sa téacs oscailte ('Eile, Sonraigh le do thoil').

LÉARÁID D1: LÍON FREAGRÓIRÍ TRASNA NA GCATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA (CEANTAR OILEÁN DHÚN NA NGALL)



LÉARÁID D2: AOIS AGUS INSCNE FHREAGRÓIRÍ AN TSUIRBHÉ




Príomhphointí

- Léirigh 83% (u=35 as 42) d'áitritheoirí lánaimseartha go raibh an áit chónaithe ina bhfuil siad faoi láthair feiliúnach dá riachtanais.
- Dúirt 31% (u=13) d'áitritheoirí lánaimseartha go raibh seans maith/seans mór ann go mbogfaidís as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile, agus luagh 7 bhfreagróirí seasmhacht tionachta agus/nó cúiseanna a bhain leis an áit chónaithe mar fháthanna leis an seans go mbogfaidís.


- Ba mhaith le 67% (u=8 as 12 freagraí a taifeadadh) d'áitritheoirí lánaimseartha a bhfuil seans maith/mór ann go mbogfaidh siad as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile fanacht ar an oileán/na hoileáin. Aithníodh easpa tithe/áiteanna cónaithe ar díol, costas tithe/áiteanna cónaithe ar díol, agus gan a bheith ábalta cead pleannála a fháil mar fhadhbanna lárnacha tithíochta ar oileán Dhún na nGall a chuirfeadh bac ar na freagróirí seo fanacht.
- Chuimhneodh 85% de fhreagróirí, ar úinéirí dara teach iad, bogadh chuig an oileán/na hoileáin (anois nó amach anseo). Dúirt 10% 'nach raibh siad' cinnte'.
- As na freagróirí (trasna na gcatagóirí uilig) a d'fhreagair an cheist maidir le deacrachtáil leis an bpróiseas cead pleannála, thug 32% (u=24 as 76) le fios go **raibh** deacrachtáil acu leis an bpróiseas (ag áireamh diúltú pleannála do thógáil teach nua, d'athchóiriú, do shíneadh).
- Luagh formhór na bhfreagróirí (78%) go mba fhadhb beag/fhadhb mhór na tithe tréigthe (Léaráid D3).

LÉARÁID D3: TITHE TRÉIGTHE (FREAGRÓIRÍ: ÁITRITHEOIRÍ LÁNAIMSEARTHA, ÚINÉIRÍ DARA TEACH, A CHÓNAIGH ROIMHE SIN AR NA HOILEÁIN)



Maidir le tográí tithíochta, mar a léirítear i Léaráid D4, i measc na trí rogha ba mhó a fuair tacaíocht ó fhreagróirí i gceantar oileán Dhún na nGall bhí cúnamh deontais do thithe tréigthe agus faoi bhun an chaighdeáin (74%), tithíocht shóisialta (60%), agus cúnamh deontais do thithe nua do dhaoine a bheadh sásta cónaí ar an oileán ar feadh tréimhse ama ar leith (56%).


LÉARÁID D4: CÉATADÁN TACAÍOCHTA (FREAGRÓIRÍ UILIG) DO NA ROGHANNA TITHÍOCHTA




Bileog Eolais: Maigh Eo

Ba as ceantar oileán Mhaigh Eo a tháinig 11% de fhreagraí an tsuirbhé, 65 freagróir san iomlán. Áirithe i gcatagóirí an tsuirbhé bhí daoine a chónaíonn faoi láthair ar na hoileáin agus daoine go mba mhaith leo filleadh/bogadh chuig na hoileáin. I liosta na n-oileán áiríodh Oileán Chliara, Inis Bigil, Inis Coitil, Inis Laidre, Inis Toirc, Cláinís agus bhí freagróirí in ann 'B'fhearr liom gan a rá' a roghnú freisin nó, nuair a bhí sé ábhartha, ainm oileán eile a lua sa téacs oscailte ('Eile, Sonraigh le do thoil').

LÉARÁID M1: LÍON FREAGRÓIRÍ TRASNA NA GCATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA (CEANTAR OILEÁN MHAIGH EO)




LÉARÁID M2: AOIS AGUS INSCNE FHREAGRÓIRÍ AN TSUIRBHÉ



Príomhphointí:


- Léirigh 83% (u=30 as 36) d'áitritheoirí lánaimseartha go bhfuil an áit chónaithe ina bhfuil siad faoi láthair feiliúnach dá riachtanais.
- Dúirt 25% (u=9) d'áitritheoirí lánaimseartha go raibh seans maith/mór ann go mbogfaidís as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile.
- Ba mhaith le 50% (u=4 as 8 bhfreagra a taifeadadh) d'áitritheoirí lánaimseartha a bhfuil seans maith/mór ann go mbogfaidh siad as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile fanacht ar an oileán/na hoileáin. Luadh easpa tithe/áiteanna cónaithe ar díol, easpa suíomh le tógáil orthu, easpa lóistín le fáil ar cíos, agus deacrachartaí le seasmhacht tionachta mar dheacrachartaí lárnacha tithíochta ar oileán Mhaigh Eo a chuirfeadh bac ar na freagróirí seo fanacht.
- Chuimhneodh 36% d'uinéirí dara teach bogadh chuig an oileán/na hoileáin (anois nó amach anseo). Dúirt 36% acu nach raibh siad 'cinnte'.
- As na freagróirí (trasna na gcatagóirí uiligrála) a d'fhreagair an cheist maidir le deacrachartaí le próiseas an chead pleinála, thug 19% (u=12 as 63 freagra a taifeadadh) le fios go **raibh** deacrachartaí acu leis an bpróiseas (ag áireamh, diúltú pleinála do thógáil teach nua, d'athchóiriú, do shíneadh).
- Luaigh formhór na bhfreagróirí (61%) go mba fhadhb beag/fhadhb mhór iad tithe tréigthe (Léaráid M3).

LÉARÁID M3: TITHE TRÉIGTHE (FREAGRÓIRÍ: ÁITRITHEOIRÍ LÁNAMEARTHÁ, ÚINÉIRÍ DARA TEACH, A CHÓNAIGH ROIMHE SIN AR NA HOILEÁIN)



Maidir le tograí tithíochta, mar a léirítear i Léaráid D4, i measc na roghanna ba mhó a fuair tacaíocht ó fhreagróirí i gceantar oileán Mhaigh Eo bhí cúnamh deontais do thithe tréigthe agus faoi bhun an chaighdeáin (79%), cúnamh deontais do thithe nua do dhaoine a bheadh sásta cónaí ar an oileán ar feadh tréimhse ama ar leith (64%), ciste athlonnú tuaithe faoina dtairgfí dreasacht airgeadais do dhaoine a bheadh ag bogadh chuig na hoileáin (64%), agus scéimeanna tithíochta faoi úinéireacht pobail/comharchumainn a bheadh á reachtáil ag na hoileánaigh (64%).


LÉARÁID M4: CÉATADÁN TACAÍOCHTA (FREAGRÓIRÍ UILIG) DO NA ROGHANNA TITHÍOCHTA




Bileog Eolais: Gaillimh

Ba as ceantar oileán na Gaillimhe a tháinig 44% de fhreagraí an tsuirbhé, 270 freagróir san iomlán. Áirithe i gcatagóirí an tsuirbhé bhí daoine a chónaíonn faoi láthair ar na hoileán agus daoine go mba mhaith leo filleadh/bogadh chuig na hoileán. I liosta na n-oileán áiríodh Inis Bó Finne, Árainn, Inis Oírr, Inis Meáin agus bhí freagróirí in ann 'B'fhearr liom gan a rá' a roghnú freisin nó, nuair a bhí sé ábhartha, ainm oileán eile a lua sa téacs oscailte ('Eile, Sonraigh le do thoil').

LÉARÁID G1: LÍON FREAGRÓIRÍ TRASNA NA GCATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA (CEANTAR OILEÁN NA GAILLIMHE)



LÉARÁID G2: AOIS AGUS INSCNE FHREAGRÓIRÍ AN TSUIRBHÉ




Príomhphointí:

- Léirigh 76% (u=136 as 179) d'áitritheoirí lánaimseartha go bhfuil an áit chónaithe ina bhfuil siad faoi láthair feiliúnach dá riachtanais.
- Tá sé suntasach gur thug 35% (u=19) de chíosaithe i gceantar oileán na Gaillimhe le fios nach bhfuil an áit chónaithe ina bhfuil siad faoi láthair feiliúnach dá riachtanais.
- Dúirt 46% (u=82) d'áitritheoirí lánaimseartha go raibh seans maith/mór ann go mbogfaidís as an áit chónaithe ina bhfuil siad faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile (28% d'úinéirí tí agus 85% de chíosaithe). As na freagróirí a raibh seans maith/mór ann go mbogfaidís, luagh 40% d'úinéirí tí agus 77% de chíosaithe cúiseanna a bhain leis an áit chónaithe mar fháth leis an seans go mbogfaidís. Tá seasmhacht tionschála/an tiarna talún ag díol na háite cónaithe ina phointe go minic ag cíosaithe i gceantar oileán na Gaillimhe.
- Ba mhaith le 72% (u=59) d'áitritheoirí lánaimseartha a bhfuil seans maith/mór ann go mbogfaidís as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile fanacht ar an oileán/na hoileán. Aithníodh easpa tithe/áiteanna cónaithe ar díol, costas tithe/áiteanna cónaithe ar díol, agus gan a bheith ábalta cead pleinála a fháil mar fhadhbanna lárnacha tithíochta ar oileán na Gaillimhe a chuirfeadh bac ar na freagróirí seo fanacht.
- Chuimhneodh 62% de fhreagróirí, ar úinéirí dara teach iad, bogadh chuig an oileán/na hoileán (anois nó amach anseo). Dúirt 26% acu nach raibh siad 'cinnte'.


- As na freagróirí (trasna na gcatagóirí uilig) a d'fhreagair an cheist maidir le deacrachtaí leis an bpróiseas cead pleinála, thug 30% (u=74 as 250 freagra a taifeadadh) le fios go **raibh** deacrachtaí acu leis an bpróiseas (ag áireamh, diúltú pleinála do thógáil teach nua, d'athchóiriú, do shíneadh).
- Luagh formhór na bhfreagróirí (76%) go mba fhadhb beag/fhadhb mhór na tithe tréigthe (Léaráid G3).

LÉARÁID G3: TITHE TRÉIGTHE (FREAGRÓIRÍ: ÁITRITHEOIRÍ LÁNAMEARTHA, ÚINÉIRÍ DARA TEACH, A CHÓNAIGH ROIMHE SIN AR NA HOILEÁIN)



Maidir le tográí tithíochta, mar a léirítear i Léaráid G4), i measc na roghanna ba mhó ar thacaigh freagróirí i gceantar oileán na Gaillimhe leo bhí cúnamh deontais do thithe tréigthe agus faoi bhun an chaighdeáin (74%), tithe ar díol a choinneáil (m.sh. nach bhféadfaí tithe faoi phraghas áirithe a dhíol ach le cónaitheoirí buan oileán) (67%), agus scéimeanna tithíochta faoi úinéireacht pobail/comharchumainn a bheadh á reachtáil ag na hoileánaigh (65%).


LÉARÁID G4: CÉATADÁN TACAÍOCHTA (FREAGRÓIRÍ UILIG) DO NA ROGHANNA TITHÍOCHTA



Bileog Eolais: Corcaigh

Ba as ceantar oileán Chorcaí a tháinig 31% de fhreagraí an tsuirbhé, 192 freagróir san iomlán. Áirithe i gcatagóirí an tsuirbhé bhí daoine a chónaíonn faoi láthair ar na hoileán agus daoine go mba mhaith leo filleadh/bogadh chuig na hoileán. I liosta na n-oileán áiríodh An tOileán Mór, Cléire, Oileán Baoi, Inis Úi Drisceoil, Inis Fada, Inis Arcáin, Faoide agus bhí freagróirí in ann ‘B’fhearr liom gan a rá’ a roghnú nó, nuair a bhí sé ábhartha, ainm oileán eile a lua sa téacs oscailte (‘Eile, Sonraigh le do thoil’).

LÉARÁID C1: LÍON FREAGRÓIRÍ TRASNA NA GCATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA (CEANTAR OILEÁN CHORCAÍ)



LÉARÁID C2: AOIS AGUS INSCNE FHREAGRÓIRÍ AN TSUIRBHÉ




Príomhphointí:

- Léirigh 70% (u=76 as 108) d’áitritheoirí lánaimseartha go raibh an áit chónaithe ina bhfuil siad faoi láthair feiliúnach dá riachtanais. Ba é an céadán seo d’fheiliúnacht áit chónaithe an céadán ab ísle a haithníodh as na ceithre cheantar oileán.
- Tá sé suntasach gur thug 40% (u=12) de chíosaithe le fios nach bhfuil an áit chónaithe atá acu faoi láthair feiliúnach dá riachtanais.
- Dúirt 36% (u=38 as 107 freagra a taifeadadh) d’áitritheoirí lánaimseartha go raibh seans maith/mór ann go mbogfaidís as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile (21% d’úinéirí tí agus 76% de chíosaithe). As na freagróirí a dúirt go raibh seans maith/mór ann go mbogfaidís, luagh 50% d’úinéirí tí agus 86% de chíosaithe cúiseanna a bhain leis an áit chónaithe mar fháth leis an seans go mbogfaidís. Tá seasmhacht tionachta/an tiarna talún ag díol na háite cónaithe ina phointe go minic ag cíosaithe i gceantar oileán Chorcaí.
- Ba mhaith le 79% (u=30) d’áitritheoirí lánaimseartha a bhfuil seans maith/mór ann go mbogfaidh siad as an áit chónaithe atá acu faoi láthair sna chéad 5 bhliana eile fanacht ar an oileán/na hoileáin. Aithníodh easpa tithe/áiteanna cónaithe ar díol, costas tithe/áiteanna cónaithe ar díol, easpa lóistín le fáil ar cíos, agus gan a bheith ábalta cead pleánala a fháil mar fhadhbanna lárnacha tithíochta ar oileán Chorcaí a chuirfeadh bac ar na freagróirí seo fanacht.
- Chuimhneodh 51% de fhreagróirí, ar úinéirí dara teach iad, bogadh chuig an oileán/na hoileán (anois nó amach anseo). Dúirt 32% acu nach raibh siad ‘cinnte’.

- As na freagróirí (trasna na gcatagóirí uilig) a d’fhreagair an cheist maidir le deacrachtáil leis an bpróiseas cead pleánala, thug 36% (u=64 as 179 freagra a taifeadadh) le fios go **raibh** deacrachtáil acu leis an bpróiseas (ag áireamh diúltú pleánala do thógáil teach nua, d’athchóiriú, do shíneadh).
- Luagh formhór na bhfreagróirí (74%) go mba fhadhb bheag/fhadhb mhór iad tithe tréigthe (Léaráid C3).

LÉARÁID C3: TITHE TRÉIGTHE (FHREAGRÓIRÍ: ÁITRITHEOIRÍ LÁNAMEARTHÁ, ÚINÉIRÍ DARA TEACH, A CHÓNAIGH ROIMHE SIN AR NA HOILEÁIN)



Maidir le tográí tithíochta, mar a léirítear i Léaráid C4, i measc na roghanna ba mhó ar thacaigh freagróirí i gceantar oileán Chorcaí leo bhí cúnamh deontais do tithe tréigthe agus faoi bhun an chaighdeáin (82%), tithíocht shóisialta (59%), agus ciste athlonnú tuithe faoina dtairgfí dreasacht airgeadais do dhaoine a bheadh ag bogadh chuig na hoileán (58%)

LÉARÁID C4: CÉATADÁN TACAÍOCHTA (FHREAGRÓIRÍ UILIG) DO NA ROGHANNA TITHÍOCHTA

